COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ CORK CITY COUNCIL

Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 & 1990
AGUS
Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1978 & 1992

IARRATAS AR CHEADÚNAS

Chun Eisilteach Trádála nó Séarachta a scardadh amach in Uiscí

UIMH. THAG W. P.----------

UIMH. THAG T. P.---------- ----------
(úsáid oifigiúil amháin)

Nótaí maidir le comhlánú an iarratais:
(Comhlánaigh an fhoirm iarratais i mBloclitreacha nó Clóscríobh)

1. Ba cheart an t-iarratas a chomhlánú de réir na nAchtanna agus na Rialachán thuasluaite.

2. Roimh dó/di iarratas a dhéanamh ar cheadúnas, foilseoidh an t-iarratasóir fógra rúin i nuachtán a scaiptear i gceantar Chorcaí go bhfuil sé ar intinn aige/aici iarratas den chineál sin a dhéanamh. Is é an teideal a bheidh ar an bhfógra sin ná "**Scardadh amach in Uiscí**" agus beidh an fhaisnéis seo a leanas ann:
(a). Ainm an iarratasóra agus ainm an Údaráis Áitiúil a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chuige.
(b). Cur síos ginearálta ar an eisilteach.
(c). I gcás eisilteach trádála, sonraigh cineál na trádála nó an tionscail.
(d). Ainm agus láthair an áitribh óna bhfuil an t-eisilteach le scardadh.
(e). Na huiscí ina bhfuil an t-eisilteach le scardadh.

3. Ní mór iarratas ar cheadúnas a lóisteáil le Comhairle Cathrach Chorcaí laistigh de choicís ó fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear thuas i nuachtán, agus beidh an méid seo a leanas faoi iamh:
(a). Cóip den fhógra nuachtáin
(b). **Trí chóip** de léarscáil suirbhéireachta ordanáis de shuíomh an láithreáin, ar scála 1-2500 a léiríonn áitribh, bóthair phoiblí, agus gach pointe scardaidh chuig uiscí agus láthair gach scardaidh chuig na séaraigh phoiblí.
(c). **Trí chóip** de phlean draenála láithreáin, ar scála 1-2500, a léiríonn an t-áitreabh, oibreacha, an fearas nó an gléasra óna bhfuil an t-eisilteach le scardadh. Léireofar an draenáil uile ar an láithreán ar phlean draenála an láithreáin.
(d). Táille iarratais **€380.00** (Trí Chéad agus Ochtó Euro)

4. Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe agus sínithe a sheoladh chuig:

Oifigeach Foirne,
Bainistiú Dramhaíola,
Comhairle Cathrach Chorcaí
environment@corkcity.ie
Seomra 231,
Halla na Cathrach,

Teil: **021 4924726**
Facs: **021 4924426**

SEOLADH RÍOMHPHOIST

Corcaigh.

1 (a) AINM & SEOLADH AN IARRATASÓRA ----------

UIMHIR THEILEAFÓIN (Líne talún & Fón póca)----------

UIMHIR FACS: ----------

SEOLADH RÍOMHPHOIST ----------

UIMHIR CHLÁRAITHE NA CUIDEACHTA----------

SEOLADH OIFIG CHLÁRAITHE NA CUIDEACHTA ----------

Teagmhálaí

---

1 (b) AINM & SEOLADH AN GHNÍOMHAIRE (MÁS ANN DÁ LEITHÉID) ----------

---

UIMHIR THEILEAFÓIN ----------

UIMHIR FACS: ----------

SEOLADH RÍOMHPHOIST ----------

2(a). AINM & SEOLADH AN ÁITRIBH ÓNA BHFUIL EISILTEACH LE SCARDADH ----------

---

(b). UIMH. THAGARTHA AN CHEADA PLEANÁLA ----------

3. **Más eisilteach trádála atá san eisilteach, déan cur síos ginearálta thíos ar na próisis nó ar na gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn an t-eisilteach.**

---

4 (a) Láthair an phointe scardaidh. (Le taispeáint freisin ar léarscáil suirbhéireacht ordanáis 1-2500). (Cuir grianghraf den phointe scardaidh ar fáil freisin le do thoil)

(b) Cur síos ar na huiscí a mbeifear ag scardadh isteach iontu.

(c) Sonraí maidir le méid agus tógáil an sceithbhealaigh. (Ní mór trí chóip den phlean, a léiríonn an t-áitreabh, na córais draenála agus aon oibreacha, fearas nó gléasra óna bhfuil an t-eisilteach le scardadh, a bheith faoi iamh leis an bhfoirm iarratais seo).

---

5. **Sonraí maidir leis an soláthar arna dhéanamh maidir le sampláil agus tomhas sreafa an eisiltigh.**

---

6. Sonraí maidir le haon scardadh eile ón áitreabh atá i gceist.

-

7. Sonraí maidir le haon socruithe ar leith chun scardadh de thaisme a sheachaint.

---

8. GINEARÁLTA

(a) Dáta Tosaigh an Scardaidh ----------

(b)Eisilteach Séarachta:

(i) Líon na ndaoine ar a bhfreastalaítear ----------

(ii) Sreabhadh ionchais in aimsir thirim ----------

(c)Eisilteach Trádála:

Toirt an eisiltigh atá le scardadh:

(i) Gnáthmhéid in aghaidh an lae ----------

(ii) Uasmhéid in aon lá amháin ----------

(iii) Uasráta in aghaidh na huaire ----------

(iv) Tréimhse nó tréimhsí den lá ina mbeidh scardadh ar siúl ----------

---

(v) Aon athruithe séasúracha nó eile (lena n-áirítear athruithe mar thoradh ar mhífheidhm gléasra) ar thoirt an eisiltigh atá le scardadh----------

---

(d) Sonraí maidir le cóireáil eisiltigh ----------

---

9. Saintréithe an Eisiltigh Trádála

Comhlánaigh i leith gach saintréith infheidhme ag tabhairt réimsí tiúchana nuair is féidir. Tiúchan le sloinneadh in mg/l nuair is infheidhme.

Is liosta táscach amháin é seo a leanas - ba cheart aon saintréithe fisiciúla, ceimiceacha nó eile a bhaineann leis an eisilteach atá i gceist a shainiú.

SAINTRÉITHE	**ROIMH CHÓIREÁIL**	**AG TRÁTH AN SCARDAIDH**
Teocht °C		
pH		
Dath (céimeanna Hazen)		
Éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin		
Éileamh ceimiceach ar ocsaigin intuaslagtha		
Solaid Ar Fuaidreamh		
Solaid Shíothlaithe (ml/l)		
Solaid Thuaslagtha		
Amóinia (mar N)		
Níotráití (mar N)		

Fosfar (mar P)		
Sulfáit (mar $S0^4$)		
SAINTRÉITHE	**ROIMH CHÓIREÁIL**	**AG TRÁTH AN SCARDAIDH**
Clóirídí (mar C1)		
Feanól (mar C^6H^5)		
Glantaigh (mar sulfáit láirile)		
Olaí, Gréisc agus Saill		
Miotail - (sonraigh gach ceann)		
Comhdhúile orgánahalaigine (sonraigh)		
Comhdhúile orgánafosfair (sonraigh)		
Comhdhúile orgánastáin (sonraigh)		
Olaí Mianracha nó Hidreacarbóin de bhunús peitriliam		
Substaintí tocsaineacha eile (sonraigh)		
Saintréithe ábhartha eile (lena n-áirítear sonraí tocsaineacha éisc ó thástálacha arna ndéanamh ar chuid den eisilteach nó ar an eisilteach		

uile)		

10. Sonraí maidir le cóireáil eisiltigh beartaithe nó úsáidte.

---

11. Déanaim iarratas ar cheadúnas faoi Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 arna leasú le hAlt 30 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) (Leasú), 1990 chun eisilteach trádála agus/nó séarachta (scrios an ceann nach mbaineann) a scardadh de réir na bpleananna agus na sonraí eile faoi iamh. Is/Ní (scrios amach cibé acu nach bhfuil infheidhme) scardadh reatha an scardadh a bhfuil ceadúnas á iarraidh ina leith (féach ar an sainmhíniú sna nótaí mínithe) faoi mar a shainítear é in Alt 5(4) den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977.

Síniú an Iarratasóra ---------- **Dáta** ----------